

*Féach ar Ghailearaí Ealaíne Crawford lom nocht sna turais nua laistiar den chúlra. Grianghraf: Joleen Cronin*

## Gailearaí Crawford Nochtaithe: Tá na Saothair Ealaíne imithe, ach Fanann na Scéalta…

Tá Gailearaí Ealaíne Crawford ag seoladh sraith turas saor in aisce, laistiar de na cúlraí, ag tabhairt deis  don phobal den chéad uair taithí a fháil ar an ionad atá dúnta faoi láthair ó shúil nua ar fad - go hiomlán folamh, agus an bailiúchán náisiúnta de shaothair ealaíne bainte agus na ballaí leagtha lom.

Idir scéalta pearsanta agus léargais ar an bhfoirgneamh stairiúil, is deis speisialta iad na turais seo chun Gailearaí Ealaíne Crawford a fheiceáil sa spléachadh seo roimh a mhór-athfhorbairt 'Claochlú Ghailearaí Ealaíne Crawford'. Pléifidh an fhoireann an t-am a chuaigh thart, an t-am i láthair agus an t-am atá le teacht sa ghailearaí, rud a léireoidh spléachadh do

chuairteoirí maidir leis an méid a mbeifí ag súil leis nuair a athosclóidh an gailearaí.

An bhfuil taibhse sa ghailearaí? Cé hiad na seodra a nochtadh nuair a glanadh amach an foirgneamh? Cá bhfuil a dtriall ag na doirse rúnda? Freagrófar na ceisteanna seo go léir agus go leor eile de réir mar a aimsíonn cuairteoirí spásanna i bhfolach agus nuair a chloiseann siad scéalta nua faoin ngailearaí ón bhfoireann is fearr a bhfuil aithne acu orthu.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Stiúrthóir Ghailearaí Ealaíne Crawford, Mary McCarthy: "Cuireann Gailearaí Crawford Nochtaithe deis speisialta ar fáil an craiceann a bhaint dár ngailearaí – áit stairiúil, chruthaithe agus áit atá athraithe go mór. Agus muid ag ullmhú don chéim nua leis an athfhorbairt, tugann na turais seo cuireadh do chuairteoirí nascadh leis na scéalta agus leis an spiorad a dhéanann foirgneamh speisialta, scéalaíoch do Ghailearaí Ealaíne Crawford. Bí linn agus sinn do do threoraí in áiteanna nach raibh ar fáil don phobal go dtí seo."

Is deis faoi leith é seo Gailearaí Ealaíne Crawford a fheiceáil roimh athchóiriú na hInstitiúide Cultúrtha Náisiúnta a bhfuiltear ag súil go mór leis. Mar gheall go gcuirtear tús le gach saothar ealaíne le canbhás bán.

**Sonraí an Turais:**
Tógfaidh turais **Ghailearaí Crawford Nochtaithe** 60-80 nóiméad agus beidh siad ar siúl ón 25 Samhain 2025 ar feadh tréimhse ama teoranta. Beidh turais as Gaeilge, turais oiriúnach do theaghlaigh agus turais ghrianghrafadóireachta ar fáil don phobal. Tá na turais seo saor in aisce, ach tá na spásanna teoranta, mar sin is gá áirithintí a dhéanamh. Is féidir ticéid a cheannach ar crawfordartgallery.ie.

**CRÍOCH**

www.crawfordartgallery.ie

Dyane Hanrahan, Bainisteoir Margaíochta & Cumarsáide
R: dyanehanrahan@crawfordartgallery.ie
T +353 (0) 21 4907856 M +353 (0) 86 8278151

Sorcha O'Brien, Feidhmeannach Margaíochta & Cumarsáide
R: marketing@crawfordartgallery.ie
T +353 (0) 21 4907856

**Nótaí don Eagarthóir:**
Le haghaidh íomhánna fotheidealaithe ardtaifigh, cliceáil anseo.

**Maidir le Ghailearaí Ealaíne Crawford**
Is institiúid chultúrtha náisiúnta é Gailearaí Ealaíne Crawford atá suite i bhfoirgneamh oidhreachta suntasach i gcroílár chathair Chorcaí, agus atá tiomnaithe do na hamharc-ealaíona, idir stairiúil agus chomhaimseartha. Agus é ag cur clár fuinniúil taispeántas sealadach ar fáil, tá bailiúchán náisiúnta tábhachtach faoina dhíon freisin a insíonn scéal spéisiúil Chorcaí agus na hÉireann le trí chéad bliain anuas.

Tógadh ar dtús i 1724 é mar Theach Custaim na cathrach agus tá Múnlaí cáiliúla Canova ar taispeáint sa Ghailearaí, a bronnadh ar Chorcaigh dhá chéad bliain ó shin. I measc bhailiúchán an ghailearaí, tá os cionn 3,500 saothar ó ealaíontóirí comhaimseartha na hÉireann agus idirnáisiúnta Isabel Nolan, Gerard Byrne, Joy Gerrard, Rula Halawani, Kathy Prendergast, Dorothy Cross, Sean Scully agus Nedko Solakov mar aon leis na saothair ó na healaíontóirí a bhfuil an-tóir orthu James Barry, Mainie Jellett, Daniel Maclise, Norah McGuinness, Harry Clarke, Seán Keating, John Lavery, Evie Hone, Patrick Scott, Mary Swanzy agus Jack B. Yeats.

Tá an Gailearaí dúnta faoi láthair don phobal chun plean mór athfhorbartha a chur i gcrích.

**Maidir le Chlaochlú Ghailearaí Ealaíne Crawford**
Tá Gailearaí Ealaíne Crawford dúnta ó Mheán Fómhair 2024 chun tabhairt faoi thogra athfhorbartha caipitil a bheidh go hiontach ar fad: Claochlú Ghailearaí Ealaíne Crawford.

Cuirfidh an infheistíocht, ar fiú na milliúin euro é, beagnach 50% breise le spás an ghailearaí, agus déanfaidh sé trí chéad bliain d'oidhreacht thógtha a chaomhnú agus a chosaint, agus cruthófar oidhreacht chultúrtha don ghlúin amach romhainn de réir mar a bheidh Corcaigh ag leanúint ag fás.

Is togra de chuid Thograí Rialtas na hÉireann 2040 é atá ag fáil maoiniú ón Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW).

Tá Ailtirí Grafton, a bhfuil gradaim bainte acu, tar éis obair a dhéanamh ar dhearadh athfhorbartha lena n-áirítear áis Foghlama agus Fiosraithe nua le rannpháirtíocht ghníomhach, stóráil shuntasach don Bhailiúchán Náisiúnta, bealach isteach nua, agus spás poiblí a bheidh feabhsaithe go mór lena n-áirítear caifé nua ar Shráid na Leathghealaí chomh maith le spásanna taispeántais breise. Beidh bealach isteach an fhoirgnimh curtha ar ais go Plás Emmet de réir leagan amach Theach an Chustaim a chuaigh siar go 1724. Cruthófar spás mór gailearaí nua, a chruthaíonn radharc do chuairteoirí chun féachaint ar shainchomharthaí i lár na cathrach lena n-áirítear Ardán San Anna, An Seandún agus Ardeaglais Naomh Fionnbarra.

Chun níos mó eolais rialta a fháil ar Chlaochlú Ghailearaí Ealaíne Crawford, is fearr clárú do nuachtlitir an ghailearaí ar www.crawfordartgallery.ie nó lean muid ar mheáin shóisialta an ghailearaí.